**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2021/2106(DEC)**

27.1.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 – Roinn III, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
(2021/2106(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Petra Kammerevert

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú, in 2020, gurbh ionann an buiséad iomlán do chláir agus do ghníomhaíochtaí an Aontais faoi phunann na hArd-Stiúrthóireachta um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (AS EAC) agus EUR 6 043 milliún i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in 2020 (thart ar 7 % níos mó ná an méid in 2019); á thabhairt dá haire, in ainneoin roinnt gníomhaíochtaí a bheith curtha ar ceal nó curtha siar ar chúiseanna dosheachanta de bharr phaindéim COVID-19 agus a bhuíochas leis na bearta a glacadh faoin gclásal 'force majeure', gur bhain AS EAC an chuid is mó dá spriocanna amach in 2020 agus gur chomhlíon sé a chuid gealltanas agus íocaíochtaí, beagnach go hiomlán, amhail mar a rinne Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta AD CONNECT) maidir le caiteachas ábhartha;

2. ag aithint sholúbthacht agus iarrachtaí AS EAC chun tearcúsáid clár mar gheall ar phaindéim COVID-19 a chosc; á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinneadh chun éifeachtaí na géarchéime ar iarratasóirí agus ar thairbhithe a mhaolú, amhail spriocdhátaí iarratais a shíneadh, ré tionscadal atá ar siúl faoi láthair a fhadú, tacaíocht a thabhairt do chostais bhreise suas go dtí na huasmhéideanna a dheonaítear do thionscadail faoi na creataí dlíthiúla is infheidhme, agus tuilleadh solúbthachta a chur i bhfeidhm i leith gníomhaíochtaí cumaiscthe; á mholadh don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé tionscadail a athsheoladh, a mhéid is féidir, ar tionscadail iad ba cheart a chistiú ach a cuireadh ar ceal de bharr na paindéime agus dá barr sin amháin;

3. ag leagan béim ar an ról ríthábhachtach atá ag clár Eoraip na Cruthaitheachta maidir le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCSInna) a chistiú san Eoraip, go háirithe le linn géarchéime; á chur in iúl gur oth léi, áfach, mar gheall ar an easpa buiséid don tréimhse 2014-2020, nárbh fhéidir roinnt tionscadal ardcháilíochta a chistiú tráth a bhí gá le tacaíocht CCSI;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil riosca foriomlán AS EAC maidir le híocaíocht (a mheastar a bheith cothrom le EUR 26.83 milliún as EUR 2 287 milliún de chaiteachas ábhartha) agus an ráta foriomlán earráide (measta a bheith idir 0.5 % agus 1 %) fós measartha íseal in 2020;

5. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar phaindéim COVID-19, nach rabhthas in ann an oiread céanna cuairteanna ar an láthair a thabhairt in 2020, agus go raibh AS EAC in ann a chur chuige maoirseachta agus iniúchóireachta a oiriúnú agus treoir shonrach a chur ar fáil maidir le COVID-19 don tuairisciú arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí náisiúnta agus ag comhlachtaí neamhspleácha iniúchóireachta; ag aithint an ghá atá le bearta den chineál sin; á chur i bhfios, áfach, nach féidir cuairteanna ar an láthair a ionadú go hiomlán mar mhodh iniúchóireachta agus maoirseachta; á iarraidh ar AS EAC, dá bhrí sin, líon na gcuairteanna sin a mhéadú, agus dálaí agus srianta taistil á gcur san áireamh;

6. á iarraidh ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) leanúint dá hiarrachtaí cuidiú le hiarratasóirí agus tairbhithe na gclár i

gcomhthéacs phaindéim COVID-19;

7. á chur in iúl gur geal léi an nuashonrú a rinneadh in 2020 ar Straitéis Frithchalaoise AS EAC lena ndírítear ar shainaithint agus láimhseáil tairbhithe ardriosca agus saincheisteanna amhail cistiú dúbailte agus coinbhleachtaí leasa a atreisiú, agus ag moladh na mbeart a rinneadh chun an baol calaoise a bhaineann le COVID-19 a chosc, lena n-áirítear i gceapadh na chéad ghlúine eile de chláir; á chur i bhfios go láidir go ndéanfaidh an Pharlaimint dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na Straitéise agus á iarraidh ar AS EAC an dul chun cinn a dhéanfar ina leith a chur in iúl go rialta don Pharlaimint;

8. á áitiú ar AS EAC, ar AS CONNECT agus ar EACEA gach beart is iomchuí a dhéanamh gan mhoill chun feabhas a chur ar chosaint sonraí pearsanta in aon chás inar gá, chun na rioscaí a bhaineann le haistrithe sonraí tríú tíortha a íoslaghdú, chun go bhféadfar leanúint le hoibríochtaí idirnáisiúnta in 2021 agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí á chomhlíonadh go hiomlán, agus feasacht agus eolas na foirne ar rialacha cosanta sonraí a neartú, lena n-áirítear trí oiliúint spriocdhírithe; á chur i bhfáth nach mór leanúint d’ardtosaíocht a thabhairt do chosaint shonraí pearsanta shaoránaigh na mBallstát i ngach gníomhaíocht ábhartha agus nach mór lánurraim a thabhairt di;

9. á chur i bhfios go láidir gurb iad AS EAC, AS CONNECT agus EACEA ar a bhfuil an chomhfhreagracht go fóill as beartais chultúrtha, oideachais agus as meán agus as ionstraimí gaolmhara cistiúcháin ar leibhéal an Aontais; á áitiú ar na hArd-Stiúrthóireachtaí agus ar na Gníomhaireachtaí go léir leibhéal a gcomhordaithe agus leibhéal a gcomhair rianúil a choinneáil, agus a fheabhsú nuair is féidir, go háirithe trí ionstraimí digiteacha a úsáid ar bhealach cuiditheach agus fóinteach nuair is féidir é sin a bheith ina chuidiú do thairbhithe agus do na tionscadail, agus é mar aidhm acu níos mó trédhearcachta, níos lú maorlathais i gcur chun feidhme tionscadal agus cur chun feidhme rathúil gach beartas a bhaint amach, chomh maith le bainistiú ceart chistí an Aontais.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 27.1.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Ryszard Antoni Legutko, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Maria Walsh, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Griset, Viola Von Cramon-Taubadel |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Antoni Legutko, Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| NI | Andrea Bocskor |
| PPE | Asim Ademov, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Maria Walsh, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo |
| S&D | Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Niklas Nienaß, Viola Von Cramon-Taubadel, Salima Yenbou |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Catherine Griset |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Gianantonio Da Re |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh